

gael scoil na gcloch liath



Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin
Uimh. Rolla 20301C
Idirlíon: www.gscl.ie

Fón: (01) 2010718
Fón Póca: 086 8817632
Uimh. Charthanachta: 20204613
R-Phost: oifig@gscl.ie

Measúnú Líofachta sa Ghaeilge

Critéar 2 i bPolasaí Iontrála na scoile

Páistí a bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal a mbeifeá ag súil leis dá mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáthmhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag cur san áireamh aois agus aon riachtanas speisialta oideachais atá ag an bpáiste agus go mbeadh an dóchúlacht ann go n-imeodh an líofacht luaithe ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil lán-Ghaeilge

An tAcht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna).

Tá an measúnú seo dírithe go príomha ar na páistí siúd atá á dtógáil trí Ghaeilge nó a úsáideann Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide, bíodh is go bhfuil a gcuid Gaeilge faighte sa bhaile nó ó fhoinse eile m.s. seantuisití. **Úsáidtear an frása ‘suíomh neamhoideachasúil’ san Acht Oideachais rud a chiallaíonn nach féidir suntas a thabhairt do fhreastal ar Naíonra.**

Aidhm an Mheasúnaithe:

- Measúnú a dhéanamh ar líofacht Ghaeilge an pháiste.
- Beifear ag éisteacht agus ag caint leis an bpáiste i suíomh nádúrtha agus é/í ag labhairt leis an tuismitheoir, múinteoir, leis/léi féin, le siblín nó le páistí eile.
- Cuirfear na táscairí seo san áireamh: Freagairt i mBéarla nó teanga eile, gníomh, freagairt i nGaeilge go haon/dé-fhoclach, freagairt i nGaeilge go hilfhoclach.

1. Táscairí le tabhairt san áireamh nuair atá leibhéal líofachta á mheas

Seo a leanas cuid de na táscairí a d'fhéadfadh scoil a úsáid chun leibhéal líofachta a mheas agus ní liosta uileghabhálach é:

An bhfuil an dalta:

- In ann a s(h)amhlaíocht féin a úsáid chun scéalta simplí a insint i nGaeilge?
- In ann éisteacht le scéal gairid atá oiriúnach dá (h)aois agus ceisteanna a fhreagairt faoi?
- In ann súgradh lena p(h)iaráí/tuismitheoir trí mheán na Gaeilge?
- In ann caint faoi na rudaí lasmuigh den naíonra/scoil is spéis leis/léi (spórt, damhsa, clann, caithimh aimsire, cluichí ríomhaire, bréagáin, srl.)?
- In ann caint faoi imeachtaí an lae/na seachtaine agus idirdhealú a dhéanamh idir na haimsirí (Cad a rinneamar, cad a dhéanaimid)?
- In ann comhréir cheart na Gaeilge a léiriú (an féidir liom fáil mo chóta, sin mise's, srl)?

2. Fianaise a sholáthar

Tá an fhreagracht ar an tuismitheoir (**ní ar an scoil**) fianaise leordhóthanach a sholáthar don scoil má éilítear ar fhoirm iontrála:

- gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus
- gur dócha go rachadh líofacht an dalta sa Ghaeilge ar chúl mura ligfí isteach é/í i scoil lán-Ghaeilge

Caithfidh aon duine a bhaineann leas as an gcritéar seo fianaise a sholáthar ar a líofacht. Níl eisceacht air seo. Ní cheadmhach faoin Acht ach an fhianaise atá curtha faoi bhráid an Bhoird a chur san áireamh nuair atá cinneadh á dhéanamh ar áiteanna scoile a ofráil.

3. Cén sórt fianaise?

Seo roinnt moltaí ar an gcineál fianaise a d'fhéadfadh an scoil a lorg ar an tuismitheoir a sholáthar:

- **Seisiún spraoi:** seisiún spraoi a eagrú agus cuireadh a thabhairt do thuistí/páistí freastal ar an seisiún neamhfhoirmiúil spraoi sa scoil le go mbeidh an scoil in ann líofacht Ghaeilge na bpáistí a mheas i suíomh compordach agus nádúrtha.
- **Físeán:** Má tá páiste á thógáil trí Ghaeilge chuile seans go mbeidh sraith físeán tógtha ag an gclann d'ócáidí teaghlaigh thar na blianta d'fhéadfadh iad a ghreamú le chéile rud a léireodh go soiléir go bhfuil Gaeilge ag an bpáiste. I measc na bhféidearthachtaí eile tá físeán den pháiste agus é/í ag úsáid Gaeilge go nádúrtha i suíomh an bhaile nó físeán den pháiste ag úsáid Gaeilge le teaghlaigh eile nó píaráí i suíomh lasmuigh den bhaile mar shampla imeacht, Ghlór na Gael, Sheachtain na Gaeilge srl. Cibé físeán a sholáthraítear ba chóir go mbeadh éagsúlacht comhthéacsanna ann. Moltar físeán idir 5-10 nóiméad.
- An tríú rogha ná seisiún ZOOM, Google Meet, Webex nó a leithéid a eagrú leis an tuiste in go mbeadh an Tuiste, Ionadaí ón scoil agus an Páiste in ann comhrá le chéile chun an líofacht a mheas.

Ní fianaise í litir ó naíonra, eagraíocht Ghaeilge srl. ar líofacht sa teanga.

Agus iarratais á meas ag an mBord Bainistíochta, ní cheadmhach ach an fhianaise atá curtha ag an tuiste faoina bhráid a chur san áireamh. Ní bheidh tuairimíocht, aithne ar an teaghlach srl. mar chuid den phróiseas cinnteoireachta. Aithníonn an scoil éagsúlacht gach páiste. Agus leibhéal líofachta gach páiste a mheas, cuirtear san áireamh aon riachtanas speisialta atá ar an bpáiste.